Staid na saoránach AE Romach ag gluaiseacht chuig agus ag lonnú i mBallstáit eile an AE

Comhthéacs

Tá sé de cheart ag saoránaigh an AE gluaisteacht agus maireachtáil áit ar bith san Aontas Eorpach (Airteagal 21 TFEU), a fhad is a comhlíonann siad coinníollacha áirithe. Sa phróiseas i ndáil le comhtháthú Eorpach, is ionann an tsaoirse ghluaiseachta agus ceart tábhachtach, a chuimsítear freisin sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (Airteagal 45). Tá mionsonraí an chirt seo leagtha amach sa Treoir 2004/38/CE maidir le cearta saoránach an Aontais Eorpaigh agus a mball teaghlaigh i dtaca le gluaiseacht agus maireachtáil faoi shaoirse i gcríoch an AE.

De réir Eurostat, cónaíonn 2.3% de shaoránaigh an AE (11.3 milliún duine) i mBallstát seachas an stát a bhfuil saoránacht acu ina leith, agus cleachtann mórán eile acu an ceart seo ag pointe éigin ina saol. Níl aon sonraí oifigiúla ann ar bhunús eitneach na saoránach a chleachtann na cearta seo.

Dá bhrí sin, níl aon sonraí oifigiúla ann ar cá mhéad Romach a chleachtann an ceart um shaoirse ghluaiseachta san AE. De réir taighde, is iad fir agus mná óga den chuid is mó a mbíonn claonadh acu gluaiseacht; téann leanaí lena dtuismitheoirí i roinnt cásanna nó 'fágtar ina ndiaidh iad' i gcásanna eile.

Fachtóirí brú agus tarraingthe i dtaca le himirce na Romach:

Is iad an bhochtaineacht mar thoradh ar dhífhostaíocht agus idirdhealú bunaithe ar eitneachas na príomhfhachtóirí atá 'ag brú' na Romaigh chun a dtíortha dúchasacha a fhágáil.

I measc fachtóirí atá 'ag tarraingt' na Romaigh chuig tíortha ceann scríbe áirithe tá mianta do chaighdeáin maireachtála feabhsaithe, an t-ionchas i ndáil le post a fháil ach go háirithe.

> *'Mura dtuillim airgead san Iodáil, bogfaidh mé chun na hÍsiltírer, chun na Gréige nó chun na Spáinne. Rachaidh mé go tíortha inar féidir liom oibriú iontu agus inar féidir liom todhchaí níos fearr a thógáil do mo chuid leanaí'.*
> *Agallamh le fear Romach na Rómáine, an Iodáil, 18 Feabhra 2009*

Bhí na Romaigh a ndearna an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha suirbhé orthu eolach faoina gceart ginearálta faoi dhlí an AE maidir le gluaiseacht chuig Ballstát eile an AE, ach ní raibh siad chomh heolach céanna ar shraith na gceart agus na ndualgas sainiúil, agus iad casta go minic, a bhaineann le *stádas cónaithe* a bhunú do shaoránaigh an AE i mBallstát eile.

Tríd is tríd, chuir na Romaigh scéalta an-difriúla in iúl maidir le rochtain a fháil ar thithíocht, ar chúram sláinte, ar oideachas agus ar leas sóisialach. Ar fud na dtíortha uile a ndearnadh staidéar orthu, shainaithin mórán freagróirí dhá phríomhfhadhb: an deacracht i leith post a fháil i margadh saothair foirmiúil a dtíre cinn scríbe agus deacrachtaí maidir le stádas cónaithe a chlárú.

> *'Ba mhaith liom bheith ag obair, ach chuala mé go bhfuil sé deacair aon phost a fháil anseo toisc nach bhfuil seoladh buan againn'.*
> *Agallamh le fear Romach, an Fhionlainn, 6 Bealtaine 2009*

Fadhbanna i leith stádas cónaithe a chlárú

Níl mórán saoránach AE Romach in ann a stádas cónaithe a chlárú ina dtír cheann scríbe, nuair a éilítear é, mar gheall ar chastacht na nósanna imeachta, chomh maith le cur chun feidhme mícheart de riachtanais na Treorach um Shaorghluaiseacht ag na húdaráis náisiúnta.

Is ionann a bheith gan chlárú cónaithe agus a bheith gan chearta eacnamaíocha agus sóisialta

Gan cháipéisí cláraithe oifigiúla, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag na Romaigh i leith roinnt phríomhchearta sibhialta agus polaitiúla, eacnamaíocha agus sóisialta a chleachtadh – mar shampla, an ceart vótála i dtoghcháin áitiúla agus Eorpacha, agus rochtain ar chórais sláinte náisiúnta, ar thithíocht phoiblí, ar chúnamh sóisialta agus ar bhearta um chomhtháthú sa mhargadh saothair, mar atá tacaíocht i gcuardach fostaíochta, agus in oiliúnt ghairme nó theanga. Bíonn tionchar neamhchuimseach ag an eisiamh ó

chúnamh sóisialta dá bharr seo ar mhná, ar leanaí, ar dhaoine aosta agus ar dhaoine faoi mhíchumais.

> *'I gcás Romach na Rómáine, mura bhfuil cáipéis acu [an teastas cláraithe], ní féidir leo íoc as an uisce, ní féidir leo conradh a dhéanamh le haghaidh soláthair leictreachais agus ní féidir iad a chur ar bhealaí fostaíochta […]. Sa chaoi seo, níl na daoine seo ann in aon chor.'*
> *Agallamh le hoifigeach de Chúige Naples, an Iodáil, 5 Márta 2009*

Eispéiris éagsúla ag trasnú teorainneacha seachtracha *Schengen*

Rinne na Romaigh cur síos dearfach i gcoitinne ar a gcuid eispéireas le hoifigigh teorann/víosa i dtíortha ceann scríbe. Mar sin féin, bhí sé níos dóchúla go dtiocfadh freagróirí Romacha seachas baill den daonra tromlaigh ar fhadhbanna, lena n-áirítear éilimh ar bhreabanna ó oifigigh chorbacha, nuair a bhí siad ag fágáil agus ag filleadh ar a dtíortha dúchasacha.

Bunaithe ar thorthaí a cuid taighde, is é seo a leanas tuairim na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha:

➔ Spreagann an FRA Ballstáit chun a chinntiú go bhfuil aon bhearta a thógtar a bhfuil tionchar díreach nó indíreach acu ar shaoránaigh an AE de bhunús Romach ar aon dul leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chairt um Chearta Bunúsacha an AE.

➔ Ní mór go ndéanfaí an Treoir um Shaorghluaiseacht 2004/38/CE a thrasuí i gceart agus go hiomlán. Spreagtar údaráis áitiúla chun obair i ndlúthchomhar le rialtais náisiúnta d'fhonn aon bhearta agus aon bheartais nach bhfuil ar aon dul leis an treoir seo a scrúdú agus a aisghairm.

➔ Beidh bearta a dtógtar fúthu i gcomhchosúlacht leis an Treoir um Chomhionannas Ciníoch 2000/43/CE a chuireann cosc sainráite ar idirdhealú díreach agus indíreach araon.

➔ Spreagtar na Ballstáit chun bacainní praiticiúla i gcoinne clárú cónaithe a bhaint agus comhsheasmhacht a chinntiú i bpróisis chláraithe agus i riachtanais.

➔ Ba cheart go gcuirfí an dualgas dlíthiúil i ndáil le faisnéis a bhaineann le cearta agus dualgais shaoránaigh an Aontais agus a mbaill teaghlaigh ar shaincheisteanna saorghluaiseachta agus cónaithe a scaipeadh, chun feidhme i gcleachtas. Spreagtar Ballstáit agus údaráis áitiúla chun faisnéis ar riachtanais i ndáil le clárú stádais chónaithe a fhorbairt, a thaispeáint go poiblí agus a chur chun cinn i dteanga (i dteangacha) de chuid Ballstát eile an AE, lena n-áirítear teangacha mionlaigh, mar atá Romainis.

➔ Spreagtar Ballstáit a chinntiú go bhfuil rochtain iomlán agus chomhionann ag leanaí uile laistigh dá gcríoch ar oideachas éigeantach, gan aird a bheith ar a stádas riaracháin. Ba cheart aon riachtanais chónaithe a bhaint ó phróisis chláraithe scoile.

➔ Spreagtar údaráis áitiúla chun idirghabhálacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ag tacú le comhtháthú saoránach Romach an AE isteach sa mhargadh saothair áitiúil.

D'fhoilsigh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha cúig thuarascáil in 2009 maidir le Romaigh:

- **An staid i leith saoránach AE Romach ag gluaiseacht chuig agus ag lonnú i mBallstáit eile an AE [The situation of Roma EU citizens moving to and settling in other EU Member States]** (Samhain 2009)
- **Tionscnaimh dhearfacha ar leith - An staid i leith saoránach AE Romach ag gluaiseacht chuig agus ag lonnú i mBallstáit eile an AE [Selected positive initiatives - The situation of Roma EU citizens moving to and settling in other EU Member States]** (Samhain 2009)
- **Coinníollacha Tithíochta na Romach agus na dTaistealaithe san Aontas Eorpach [Housing conditions of Roma and Travellers in the European Union]** (Deireadh Fómhair 2009)
- **Sonraí i bhfócas: Na Romaigh [Data in focus: The Roma]** (Aibreán 2009)
- **EU MIDIS – tuarascáil na bpríomhthorthaí [EU MIDIS – main results report]** (Nollaig 2009)

Tá na tuarascálacha, mar aon le roinnt faisnéise a chuireann i gcomhthéacs staid na Romach san AE, ar fáil ag http://www.fra.europa.eu/fraWebsite/roma/roma_en.htm